Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10767/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0167(NLE)**

**RESUA 19**
**FIN 914**
**ECOFIN 846**
**ELARG 109**
**COEST 494**
**DEVGEN 108**
**UA PLATFORM 19**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447
maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 20(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Úcráin Plean na hÚcráine ('an Plean') a chur isteach an 20 Márta 2024, mhol an Coimisiún don Chomhairle measúnú dearfach a dhéanamh air. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle[2].

(2) Ó d'fhormheas an Chomhairle an Plean, agus i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh suim EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus eisíocadh suim EUR 1 890 000 000 leis an Úcráin i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin, ar réamhíocaíocht 7 % den tacaíocht iasachta é a bhfuil an Úcráin incháilithe lena fáil faoin bPlean. Eisíocadh suim bhreise EUR 21 640 176 104 leis an Úcráin sna chéad seacht dtráthchuid faoin bPlean, de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792.

(3) An 24 Feabhra 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2026/467[3] lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027.

---

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

[3] Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027(IO L, 2026/467, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).

(4) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2026/467, agus de bhua Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/919 ón gComhairle[4], cuireadh cúnamh suas le EUR 45 000 000 000 ar fáil don Úcráin chun cabhrú le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme. Leis an gcúnamh sin, ba cheart na riachtanais mhaoiniúcháin arna sainaithint ag an Úcráin sa Straitéis sin le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026 a chumhdach.

(5) Dá réir sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/919 socraítear suim suas le EUR 8 350 000 000 le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792.

(6) An 12 Meitheamh 2026, tar éis don Úcráin dul i gcomhairle le Verkhovna Rada, mhol an Úcráin leasuithe ar an bPlean de bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2024/792 (‘na leasuithe atá beartaithe’) ar an bhforas nach féidir cuid den Phlean a bhaint amach a thuilleadh de dheasca imthosca oibiachtúla. Cuirtear san áireamh sna leasuithe atá beartaithe freisin méideanna breise atá ar fáil ón Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

---

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/919 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena bhformheastar cúnamh don Úcráin chun Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme (IO L, 2026/919, 23.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/919/oj).

(7) Baineann na leasuithe atá beartaithe le 34 cinn as na 146 chéim cháilíochtúla agus chainníochtúla a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 agus baineann siad le céimeanna atá le cur chun feidhme idir R1 2026 agus R4 2027. I gcás 12 cheann de na céimeanna sin, mhol an Úcráin síneadh a chur leis an sprioc-am tosaigh ar an bhforas go raibh níos mó ama ag teastáil chun na hathchóirithe comhfhreagracha a chur chun feidhme sin a bheith ag teastáil mar a bhíothas ag súil leis ar dtús agus, go háirithe a mhéid a bhaineann le hathchóirithe lena n-éilítear reachtaíocht phríomha ag teastáil ina leith, chun gur féidir tosaíocht a thabhairt d'athchóirithe níos práinní. Leasaíodh an tuairisc ar shé chéim athchóirithe chun earráidí cléireachais a cheartú agus chun fócas na n-athchóirithe sin a athchalabrú. Leasaíodh tuairisc nó leithdháiltí ar chúig chéimeanna infheistíochta chun athruithe ar na himthosca ar an láthair a léiriú mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise a bheith ag leanúint ar aghaidh. I gcás dhá chéim, scriosadh iad ina ndá chéim eile chun ábhar agus seicheamhú na n-athchóirithe sin a shoiléiriú. Scriosadh dhá chéim agus cuireadh céimeanna nua athchóirithe ina n-ionad a d'athraigh raon feidhme na n-athchóirithe sin go suntasach. Scriosadh céim amháin, toisc nach bhfuil sí nasctha le *acquis* an Aontais agus nach measann an Úcráin gur tosaíocht í a thuilleadh. Ina theannta sin, measadh gur ghá na céimeanna sin a scriosadh chun go bhféadfaí obair reachtach a dhíriú ar athchóirithe a mheastar mar thosaíocht níos airde. Ar deireadh, tugadh na céimeanna uile atá beartaithe do R4 2027 ar aghaidh go R3 2027 chun a léiriú gur gá don Úcráin an iarraidh deiridh ar íocaíocht faoin bPlean a chur isteach ag céim níos luaithe, rud a fhágann gur féidir an eisíocaíocht deireadh faoin tSaoráid don Úcráin a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2027.

(8) Áirítear freisin sna leasuithe atá beartaithe 27 gcéim cháilíochtúla agus chainníochtúla nua a thabhairt isteach, ar gá leasuithe a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha i gcás 10 gcinn acu. Mar a mheabhraítear in aithris 23 de Rialachán (AE) 2026/467, ba cheart Plean a thabhairt cothrom le dáta chun an cúnamh buiséadach breise sin a léiriú. Ós rud é go gcumhdaítear leis an gcúnamh buiséadach breise sin riachtanais mhaoiniúcháin arna sainaithint ag an Úcráin i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2026, cuirtear síneadh leis an amlíne chun na céimeanna breise a chur chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2026.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, ar chuimsitheacht agus ar oiriúnacht na leasuithe atá beartaithe. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, d'oibrigh sé, a mhéid ab fhéidir, i gcomhar leis an Úcráin. Maidir leis na leasuithe atá beartaithe, rinne an Coimisiún measúnú go sonrach i dtaobh an freagairt riachtanaisbhunaithe chuimsitheach iad atá cothrom a dhóthain ar chuspóirí na Saoráide don Úcráin, an rannchuidíonn siad le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i gcomhthéacs chonair na hÚcráine i dtreo aontachais leis an Aontas agus an bhfuil siad comhsheasmhach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, an bhfuil siad comhsheasmhach le prionsabail ghinearálta na Saoráide don Úcráin a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/792, agus an gcomhlíonann siad riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe na hÚcráine. Leis na leasuithe atá beartaithe, coinnítear ar bun uaillmhian an Phlean rannchuidiú leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide, leis an smacht reachta a chur chun cinn, le cuspóirí sóisialta agus leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní. Ní dhéanann na leasuithe atá beartaithe difear do na socruithe atá ann faoi láthair chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ar deireadh, mheasúnaigh an Coimisiún an ndeachthas i gcomhairle go cuí le Verkhovna Rada i gcomhréir le creat dlí náisiúnta na hÚcráine, an gcuirtear san áireamh sna leasuithe atá beartaithe, i gcás inarb iomchuí, ionchur ó na páirtithe leasmhara agus an áirithítear leis na leasuithe atá beartaithe gur féidir le deontóirí eile tacú le cuspóirí an Phlean.

(10) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe atá beartaithe difear don mheasúnú dearfach ar an bPlean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a mhéid a bhaineann le hábharthacht, le cuimsitheacht agus le hoiriúnacht an Phlean. Sa mheasúnú ón gCoimisiún, chuir sé san áireamh go háirithe na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 18(3), pointí (a) go (l), de Rialachán (AE) 2024/792.

(11) De bhun Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2024/792, measann an Coimisiún go bhfuil údar cuí leis na leasuithe atá beartaithe.

(12) Leis an gCinneadh seo, ba cheart na céimeanna nua den Phlean a bhunú. Leis na céimeanna sin, is é is aidhm dóibh an smacht reachta agus comhrac an éillithe a neartú, agus athchóirithe a chur chun cinn an tráth céanna i réimsí atá ábhartha d’aontachas na hÚcráine leis an Aontas, lena n-áirítear earnáil fuinnimh agus comhtháthú margaidh de réir a chéile.

(13) Dá bhrí sin, méadóidh líon iomlán na gcéimeanna sa Phlean go 173 chéim.

(14) Tar éis an dara ranníocaíocht bhreise SEK 2 000 000 000 dá dtagraítear in Airteagal 2(5) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle a fháil, cinneadh luach deiridh na ranníocaíochta sin in euro ar bhonn an ráta malairte ab infheidhme tráth an aistrithe. Chun an luach deiridh sin a léiriú, is iomchuí na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a choigeartú.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a leasú dá réir sin.

(16) I bhfianaise na staide san Úcráin agus chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar don Úcráin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine*

Formheastar an measúnú ón gCoimisiún ar Phlean na hÚcráine, ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2024/792. Na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta a bhfuil tuairisc orthu i bPlean na hÚcráine, na socruithe agus an tráthchlár maidir le Plean na hÚcráine a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta cáilíochtúla agus cainníochtúla, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na doiciméid agus ar na sonraí foluiteacha a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i gcás inarb infheidhme d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, tá siad leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.'

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*